

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil faoi alt 22 den Acht um Nochtadh
Cosanta, 2014 arna leasú leis an Acht um
Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 don tréimhse ón
1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2024

Cúlra

Leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 arna leasú leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 (an tAcht um Nochtadh Cosanta), déantar foráil maidir le hoibrithe a chosaint ar dhífhostú nó dochar eile a bheith á fhulaingt acu de dheasca ábhair imní a bheith á n-ardú acu maidir le nithe a chreideann siad le réasún a d'fhéadfadh a bheith ina n-éagóracha agus a tháinig ar a n-aird i gcomhthéacs oibre. Leis an Acht um Nochtadh Cosanta, leagtar amach roinnt bealaí inar féidir nochtuithe a dhéanamh – mar shampla d'fhostóir duine agus, in imthosca ábhartha, do dhuine 'forordaithe' seachtrach.

Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí (faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta) tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina bhfuil deimhniú go bhfuil bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe inmheánacha agus, mar is infheidhme, bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe seachtracha i bhfeidhm, i dteannta mionsonraí ar oibriú na mbealaí sin sa bhliain féilire roimhe sin. Níor cheart a bheith mar thoradh ar an tuarascáil go mbeadh daoine a dhéanann nochtuithe inaitheanta.

Leis an tuarascáil seo faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, cumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2024.

Bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe inmheánacha de chuid Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Spreagann an Oifig tuairisciú inmheánach ar gach éagóir agus feidhmíonn sí beartas "Labhair amach" le haghaidh tuairisciú inmheánach a dhéanamh ar éagóir. Faisnéis mhionsonraithe le haghaidh 'oibrithe' maidir le conas 'Labhair Amach' ar bhealach muiníneach agus iad ar an eolas go bhfiosrófar a n-ábhair imní go críochnúil, go cothrom agus gan díoltas, soláthraítear í inar mbeartas 'Labhair Amach' [anseo](#).

Nochtuithe cosanta a fuarthas trí bhealach inmheánach Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste in 2024

Ní bhfuarthas aon nochtuithe in 2024 (2023: neamhní) i leith éagóir líomhnaithe ar thaobh comhalta foirne d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe seachtracha de chuid Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (ARCC) ina dhuine nó ina duine forordaithe faoin reachtaíocht i ndáil le héagóir líomhnaithe a bhaineann le húsáid mhíchuí a bhaint as cistí agus acmhainní poiblí nó i ndáil le hábhair inní maidir le luach ar airgead i leith eintitis a thagann faoi shainchúram ARCC.

Ainmnítear an tArd-Reachtair Ciste agus Cuntas freisin in alt 17 den Acht um Nochtadh Cosanta mar an duine seachtrach dá bhféadfaidh oibrithe nochtuithe cosanta ina bhfuil faisnéis cáiníocóirí a dhéanamh.

Bhí bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe seachtracha de chineál neamhspleách agus uathrialaitheach chun déileáil le nochtuithe cosanta i bhfeidhm don bhliain féilire 2024. Tá tuilleadh faisnéise maidir leis na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun gur féidir nochtuithe a dhéanamh d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus faoi conas a láimhseáiltear na nochtuithe sin, le fáil [anseo](#).

Aon nochtuithe arna bhfáil ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste mar dhuine forordaithe, ní féidir iad a fhiosrú ná tuairisciú orthu ach amháin ar bhealach atá comhsheasmhach agus iomchuí do ról, cearta agus dualgais reachtúla a Oifige nó a hOifige i.e.

- mar chuid d'iniúchadh reachtúil ar ráitis airgeadais bhliantúla faoina shainchúram nó faoina sainchúram
- trí chigireacht arna déanamh faoi fhorálacha alt 8 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 nó
- trí scrúdú arna dhéanamh faoi alt 9 d'Acht 1993.

Níl cumhacht ghinearálta ná ar leith ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste chun nochtuithe a fuarthas a fhiosrú agus/nó tuairisciú ar na hábhair sin ar leithligh ó na feidhmeanna sin.

Nochtuithe cosanta arna bhfáil ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste mar dhuine forordaithe in 2024

In 2024, cuireadh 17 dtuarascáil faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoin éagóir líomhnaithe a dúradh a tháinig ar aird na dtuairisceoirí i gcomhthéacs oibre agus a bhain le comhlachtaí faoi shainchúram an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (2023: 28 dtuarascáil).

Is ar bhonn anaithnid a bhí 8 gcinn de na tuarascálacha a fuarthas in 2024 (2023: 12 thuarascáil).

Bhí beart leantach á dhéanamh ar 41 tuarascáil sa bhliain féilire. Tarchuireadh na tuarascálacha sin, lena n-áirítear 15 thuarascáil a fuarthas in 2024, chuig an bhfoireann iniúchóireachta ábhartha lena gcur san áireamh, mar is iomchuí, agus an obair iniúchóireachta á pleanáil ina dhiaidh sin i leith an chomhlachta/na gcomhlachtaí ábhartha.

I ndeireadh na bliana féilire, críochnaíodh an beart leantach a rinneadh ar 16 thuarascáil. Bhí an meántéarma de bhearta leantacha a críochnaíodh sa bhliain féilire cothrom le 61 seachtain (airmheán 54 seachtaine). Le bearta leantacha, i gcomhthéacs Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, déantar tagairt d'ábhair a bhreithnítear mar chuid d'iniúchtaí airgeadais bliantúla agus dá réir sin, ar an meán, clúdaítear timthriall iniúchóireachta amháin ar a laghad leo.

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste an 25 Feabhra 2025